

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR 2021

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC (80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Tá teideal an-oiriúnach ar an ngearrscéal, ‘Triúrmhilleadh,’ le Seán Mac Mathúna.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Scéal simplí is ea ‘M’Asal Beag Dubh,’ le Pádraic Ó Conaire, a thugann léargas greannmhar ar an gcuidreamh idir asal agus daoine éagsúla.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Sa dán ‘An Gleann inar Tógadh Mé,’ le Dubhghlas de hÍde, smaoiníonn an file siar, le cion agus le bá, ar an óige a chaith sé san áit inar tógadh é.”
Pléigh an tuairim sin agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

AN GLEANN INAR TÓGADH MÉ

Ó áit go háit ba bhreá mo shiúl
Is dob ard mo léim ar bharr an tsléibhe;
I long is i mbád ba mhór mo dhúil
'S ba bheo mo chroí i lár mo chléibh.
Mar chos an ghiorria a bhí mo chos,
Mar iarann gach alt is féith,
Bhí an sonas romham thall 's abhus
Sa ghleann 'nar tógadh mé.

Ba chuma liomsa fear ar bith,
Ba chuma liom an domhan iomlán;
Mar rith an fhia a bhí mo rith,
Mar shruth an tsléibhe ag dul le fán.
Is ní raibh rud ar bith sa domhan
Nach ndéanfainn, dá mba mhaith liom é.
Do léim an bád ar bharr na habhann
Sa ghleann 'nar tógadh mé.

Ní hamhlaidh tá sé liom anois
Do bhí mé luath is tá mé mall
Níl fhios agam cad é a bhris
Sean-neart mo chroí is lúth na mball;
Do rinne mé mórán 's fuair mé fios
Ar mhórán - och! níor sásaíodh mé.
Mo léan, mo léan, gan mé arís
Óg sa ghleann 'nar tógadh mé!

4. “Léiríonn an dán ‘Faoiseamh a Gheobhadsa,’ le Máirtín Ó Direáin, go bhfuil an file ag tnúth go mór le tréimhse a chaitheamh ar Árainn.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

FAOISEAMH A GHEOBHADSA

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ar oileán mara,
Ag siúl cois cladaigh
Maidin is tráthnóna
Ó Luan go Satharn
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine,
Ó chrá croí,
Ó bhuairt aigne,
Ó uaigneas duairc,
Ó chaint ghontach,
Thiar ag baile.